# CINNEADH (AE) 2023/2099 ÓN gCOIMISIÚN

## an 28 Meán Fómhair 2023

## lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair sibhialta agus coiriúla (an córas e-CODEX)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Phrótacal (Uimh. 21) maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 4 de,

Ag féachaint don fhógra a thug Éire gur mian léi glacadh le Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair sibhialta agus coiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 ([1]), agus gur mian léi a bheith faoi cheangal ag an Rialachán sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I litir chuig an gCoimisiún dar dáta an 28 Meitheamh 2023, thug Éire fógra gur mian léi, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal (Uimh. 21), glacadh le Rialachán (AE) 2022/850 agus gur mian léi a bheith faoi cheangal aige.

(2) Ní bhaineann aon choinníoll le rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2022/850 agus níl aon ghá le bearta idirthréimhseacha.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2022/850 a dheimhniú.

(4) Chun go bhféadfaidh Éire Rialachán (AE) 2022/850 a chur i bhfeidhm a luaithe is féidir, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2022/850 deimhnithe.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

---

([1]) IO L 150, 1.6.2022, lch. 1.